



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár

Brollach agus Intreoir. . . . . 2

Mar gheall ar an gComhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta. . . . . 5

Spríocanna straitéiseacha. . . . . 10

**01** Forbairt curaclaim agus measúnachta . . . . . 12

**02** Rannpháirtíocht agus líonraí chun nuála . . . . . 14

**03** Eolas agus taighde. . . . . 16

**04** Caidreamh straitéiseach. . . . . 18

**05** Próifíl agus cumarsáid. . . . . 20

**06** Éifeacht agus rialachas na heagraíochta . . . . . 22

## Aguisín

**01** Comhaltacht agus freastal  
ar chruinnithe na Comhairle 2013. . . . . 24

**02** Na costais a íocadh le comhaltaí  
na Comhairle in 2013. . . . . 26

**03** Liosta cruinnithe, 2013 . . . . . 28

**04** Rogha léirithe, páipéar agus ceardlanna  
a chuir an CNCM i láthair sa bhliain 2013,  
eagraithe de réir sprice straitéisí . . . . . 29



Brollach  
agus Intreoir



## Brollach

Bliain dhúshlánach ghnóthach ab ea 2013 don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus í i mbun clár oibre uaillmhianach a chur chun feidhme trína gcuirfí an tSraith Shóisearach athchóirithe ar fáil. Forbraíodh sonraíocht athbhreithnithe don Bhéarla agus cuireadh ar fáil é mar dhoiciméad comhairliúcháin, agus tionóladh mórshheimineár comhairliúcháin i mí Mheán Fómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath do mhúinteoirí ó gach cearn sa tír. Seoladh an comhairliúchán ar ghearrchúrsaí nua ar na hábhair seo a leanas: Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas, Ríomhchlárú agus Códú agus Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha mar aon le comhairliúchán ar an sonraíocht do Thionscadal Pearsanta ar leibhéal 2 do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhí breis agus 770 freagróir páirteach sa chomhairliúchán.

Cuid rithábhachtach d'fhorbairt na Sraithe Sóisearaí is ea uirlisí cuí measúnaithe a cheapadh i bhfianaise nádúr nuálach na forbartha seo i gcomhthéacs oideachais na hÉireann. D'oibrigh an tOllamh Claire Wyatt-Smith, ar údarás í ar an measúnú agus ar an bhfoghlaim agus a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, in éineacht leis an CNCM ar feadh dhá mhí in earrach 2013 ar na huirlisí úsáide measúnachta agus modhnóireachta don tsraith shóisearach, a seoladh san fhómhar. San obair a rinne sí leis an CNCM agus lenár gcomhpháirtithe chonaiceamar buntáistí an mheasúnaithe don fhoghlaim agus don teagasc, agus na riachtanais phraiticiúla a ghabhann lena chur chun feidhme.

Taispeánadh na torthaí iontacha ar thionscadal *Aistear in Action* i gcomhdhálacha léirithe i Mala agus i mBaile Átha Cliath. Is léir uathu a thábhachtaí atá sé infheistiúcht a dhéanamh i dtacaíocht cháilíochta a chur ar fáil don oideachas luath-óige. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé do thorthaí oideachais luathoidéachas den scoth a bheith ar fáil, ba mhór ag an CNCM é nuair a iarradh uirthi dul i gceannas ar fhorbairt an Treoir Chleachtais do *Aistear* agus *Síolta*, chun tacú le Seirbhís Lean an CNCM de théama na comhpháirtíochta


ina chuid oibre i réimsí tábhachtacha le heagraíochtaí oideachais eile. Agus í ag obair leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha, chuaigh an CNCM i gcomhairle le múinteoirí maidir leis an tslí ina dtéann siad i mbun taighde mar chuid dá ndualgais. Bhíothas ag iarraidh cur le héifeachtúlacht an taighde chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Ghlac breis agus 4,000 múinteoir páirt sa chomhairliúchán seo agus tionóladh comhdháil *Research Alive* ar an téama seo i mí na Bealtaine. Mar chuid den chomhobair seo ar an aistriú ón dara leibhéal go dtí an t-ardoideachas, chuaigh an CNCM i gcomhairle le múinteoirí i mí Eanáir mar gheall ar a gcleachtas grádaithe. Baineadh leas as an aiseolas a fuarthas ó 240 múinteoir chun moltaí a cheapadh do ghrádú na hArdteistiméireachta, moltaí a pléadh ag an gComhdháil faoi Thrasdulta in Ollscoil Mhá Nuad i mí an Mheithimh.

Chuir an CNCM tús le réimse nua oibre in 2013 nuair a ceapadh sainoifigeach oideachais chun dul i gceannas ar obair ar Oideachas faoi Chreideamh Reiligiúnach agus Eitic. Cuireadh tús leis an obair seo le linn an *Fhóraithe faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile*. Obair thábhachtach ach obair íogair atá anseo agus dealraíonn sé go mbeidh mórchuid díospóireachta agus comhairliúcháin i gceist léi.

Gabhaim buíochas le baill na Comhairle agus leo siúd ar fad a bhí páirteach i mboird agus i meithleacha forbartha an CNCM. Ní fhéadfadh an CNCM a misean a chur i gcrích ina n-éagmais. Mar is gnách, a bhúiochas ar obair éifeachtach fhoireann an CNCM, faoi cheannas an POF, an Dr. Anne Looney, is ea a baineadh amach na torthaí suntasacha a bhfuil cur síos déanta orthu sa tuarascáil seo. Ar mo shon féin agus ar son na Comhairle gabhaim buíochas leo as a n-iarrachtaí agus as a ndúthacht.

**Brigid McManus**

Cathaoirleach



## Intreoir

Ag eagraíocht a bhfuil sé de shainchúram aici tacú le hathrú i gcóras chomh casta leis an oideachas is é ba dhóigh leat gur *chóir* go mba rud réasúnta furasta é an t-athrú inmheánach. Níor dhóithín ar bith againn é áfach, an brú a bhain lenár gceanncheathrú a aistriú chuig foirgneamh níos lú agus comhlonnú leis An gComhairle Um Oideachas Ghaeltachta agus Gaelscolaíochta in 2013. Bhaineamar earraíocht as deis an aistrithe chun roinnt de na próisis oibre a chuicéirí agus a fheabhsú agus faoi dheireadh na bliana ba léir na tairbhí a bhain leis na socruithe agus leis an suíomh nua. Is fiú a lua, níor cailleadh lá oibre amháin, agus ní raibh aon chur isteach ar spriocanna oibre ná ar sheirbhís do chustaiméirí. Faoi mar a d'athraíomar ár suíomh oibre, d'athraigh roinnt dár bhfoireann leis, óir cuireadh leis an bhfoireann feidhmiúcháin chun tacú le hobair forbartha ag an tsraith shóisearach. Tháinig roinnt de na comhghleacaithe seo chugainn go díreach ón seomra ranga. Bhí tionchar láithreach ag an bhfuinneamh nua ardphragmatach seo ar fhoirne inmheánacha agus ar an rannpháirtíocht sheachtrach. Ionad nua agus daoine nua mar sin de dhá cheann de bhuaicphointí eagraíochtúla 2013.


Ceann de phríomhghnéithe chur chuige CNCM anois is ea líonraí cleachtas agus cleachtóirí a úsáid chun an curaclam agus an measúnú a fhorbairt. Ba rud le háireamh é in 2013 an obair a rinne dhá líonra go háirithe, ceann acu líonra a bhonn náisiúnta a thacaíonn le forbairtí sa tsraith shóisearach, agus an ceann eile, i réigiún Chorcaigh Thuaidh agus Thiobraid Árann theas a thacaíonn le *hAistear* i roinnt suíomhanna don luath-óige. Thug an tionscnamh *Aistear in Action* an CNCM agus a cuid oibre chuig pobail éisteachta nua agus d'aimsigh sé crainn taca nua *Aistear* i measc cleachtóirí sa luath-óige. Rinne líonra na sraithe sóisearaí naisc idir scoileanna nuálacha a raibh spéis acu bogadh chun tosaigh i gcúrsaí curaclaim agus

measúnaithe lena chéile, leis an CNCM, agus trí [www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie) leis an gcuid eile de na hiarbhunscoileanna agus iad ag tosú a phleanáil do na hathruithe a bhí molta. Tháinig curaidh chun cinn ón líonra seo leis, agus múinteoirí agus ceannairí scoile ó scoileanna líonra ag comhroinnt smaointe le comhghleacaithe i scoileanna eile. Faoi mar a lean an tsáraíocht agus an cur is cúiteamh ar aghaidh thart ar an tsraith shóisearach i rith na bliana, bhí an líonra ina láthair thábhachtach phraiticiúil thástála le haghaidh roinnt de na nuálacha curaclaim agus measúnaithe a moladh. Tá buíochas ar leith ag gabháil do phríomhoidí na scoileanna líonra agus do lucht bainistíochta agus do cheannairí seirbhísí agus suíomhanna don luath-óige as ucht a dtacaíochta díograisí ar feadh na bliana.

Mar a léiríonn an liosta cruinnithe a chuirtear i láthair níos faide anonn sa tuarascáil seo, bhí roinnt grúpaí forbraíochta agus Bord de chuid an CNCM an-chruógach in 2013 agus dá thoradh sin cuireadh brúnna breise ar bhail na Comhairle trí chlár oibre ghnóthacha, cruinnithe fada agus meabhraithe, agus, ar uairibh, idirphlé a bhí teasaí go leor. Síleadh a mhór go speisialta dá gcoimítmint agus dá dtóilteanas in 2013 chun dul i ngleic, faoi stiúir stuama an Chathaoirligh, Brigid McManus, le saincheisteanna a bhí in amanna casta agus conspóideach.

### **Anne Looney**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

The background features a light beige gradient. A network of dotted lines in various colors (red, purple, yellow, dark blue) connects several circular nodes. A large dark blue circle in the upper right contains the text. Other nodes are a red circle, a purple circle, a yellow circle, and a dark blue circle, all connected by dotted lines that form a complex, abstract pattern.

Mar gheall ar an  
gComhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus  
Measúnachta



Comhairle reachtúil is ea an CNCM agus an cúram uirthi comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta maidir le hoideachas luath-óige, bunoidreachas agus iar-bhunoideachas. Gheofar sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil roinnt eolais ar chúlra na Comhairle, ar a ballraíocht i láthair na huaire, ar struchtúir na heagraíochta agus ar an maoiniú.

## Fís

Leagtar amach inár bPlean Straitéiseach don bhliain 2012-2015 fís an CNCM:

*Treoir a sholáthar d'fhorbairtí nuálacha san oideachas ar mhaithe le maireachtáil, foghlaim agus dul i mbun oibre i ndomhan atá ag athrú.*

## Bunchuspóir

Gheofar i misean na Comhairle a cur chuige i leith a cuid oibre:

*Is é bunchuspóir na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:*

- *comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaobh cúrsaí curaclaim agus measúnachta maidir le hoideachas luath-óige, bunoidreachas agus iar-bhunoideachas.*
- *dul i bpáirt le foghlaimoírí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí agus grúpaí/daoine eile chun tacú le nuáil sna scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile*
- *taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le comhairle agus plé ar chúrsaí oideachais.*





## Comhdhéanamh

Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna a ainmníonn baill na Comhairle. Cúig bhall is fiche atá ar an gComhairle ó eagraíochtaí a ionadaíonn do mhúinteoirí, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, fostóirí, ceardchumann agus leasanna oideachais. I measc na gcomhaltáí eile tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), ón gCoimisiún um Scrúduithe Stáit, ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna agus ainmní de chuid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Seo a leanas comhaltacht na Comhairle reatha, a ceapadh go ceann tréimhse trí bliana ón 31 Márta 2012:

### **Ms. Brigid McManus**

Cathaoirleach

### **Mr. Declan Kelleher**

Leaschathaoirleach, Cumann Múinteoirí Éireann

### **Mr. Michael Redmond**

Leaschathaoirleach, Comhchoiste na mBainisteoirí

### **Mr. Clive Byrne**

Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna

### **An Dr. Deirbhile Nic Craith**

Cumann Múinteoirí Éireann

### **Ms Rosemary Eagar**

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann (ón 8 Samhain 2013)

### **An Dr. Marie Griffin**

na Boird Oideachais agus Oilúna, Éire

### **An Dr. Nóirín Hayes**

Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

### **Ms. Christina Henehan**

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

### **Mr. Philip Irwin**

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

### **Ms. Bernie Judge**

Aontas Múinteoirí Éireann

### **An Dr. Daire Keogh**

Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile

### **Ms. Marie-Thérèse Kilmartin**

Comhchoiste na mBainisteoirí

### **Ms. Mary Lillis**

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscoile

### **Pádraig Mac Fhlannchadha**

An Roinn Oideachais agus Scileanna

### **An Dr. Rose Malone**

Comhdháil na gCeardchumann

### **Ms Hilary McBain**

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann (go dtí an 1 Meitheamh 2013)

### **Ms. Patricia McCrossan**

Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta

### **Dr. Kara McGann**

Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

### **Mr. Jim Moore**

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-bhunscoile

### **Mr. Michael O'Brien**

Aontas Múinteoirí Éireann

### **Seán Ó Coinn, Uasal**

Foras na Gaeilge

### **Mr. Bryan O'Reilly**

Cumann Múinteoirí Éireann

### **Sr. Betty O'Riordan**

Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha


### **Brid Uí Riordáin, Uasal**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### **Ms. Eileen Salmon**

Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha.

Gheofar in agusíni a haon agus a dó freastal na gcomhaltáí ar chruinnithe na Comhairle agus na costais a íocadh leo in 2013.



## An fhoireann

Tá foireann fheidhmiúcháin lánaimseartha ag an gComhairle faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Anne Looney, agus na Leas-Phríomhfheidhmeannach, John Hammond agus an Dr. Sarah Fitzpatrick. Mar aon le baill lánaimseartha na foirne tá foireann sainoifigeach oideachais, a cheaptar ar bhonn iasachta nó coimisiúin, ag an CNCM.

Ba iad seo a leanas an fhoireann lánaimseartha in 2013:

### Príomhfheidhmeannach

An Dr. Anne Looney

Ger Halbert

Aoife Kelly

### Leas-phríomhfheidhmeannaigh:

An Dr. Sarah FitzPatrick agus John Hammond

Denise Kelly

Rachel Linney

### Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht:

Arlene Forster

John Halbert

Bill Lynch

Hal O'Neill

Majella O'Shea

Noel Loftus

John Moriarty

Deirdre Murphy (ón 1 M. Fómhair)

Ben Murray (ón 1 Lúnasa)

Reuben Ó Conluain

### Seirbhísí Corparáideacha:

Paul Brady, Leas-Phríomhoifigeach

Aine Armstrong-Farrell, Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Maura Dee, Ardoifigeach Feidhmiúcháin (ón 10 Meitheamh)

Morgan Lockhart, Oifigeach Feidhmiúcháin

Patricia Cassidy, Oifigeach Cléireachais

Ursula Corcoran, Oifigeach Cléireachais

Deirdre Dunne, Oifigeach Cléireachais

Bernie Gallagher, Oifigeach Cléireachais

John Connors, Oifigeach Seirbhísí

Aoife Rush (ón 1 Lúnasa)

Barry Slattery (ón 28 Eanáir)

Patrick Sullivan (ón 7 D. Fómhair)

Anna Walshe

### Oifigigh Tionscadail:

Clare Maloney

Anna White (go dtí an 31 Lúnasa)

### Oifigigh Oideachais:

Fred Boss (ón 1 M. Fómhair)

Cheryl Brennan (go dtí an 31 Lúnasa)

Niamh Uí Chadhla (go dtí an 31 Lúnasa)

Mary Daly

Aisling Greene (ón 1 M. Fómhair)



## Na Boird agus na Meithleacha Forbartha


Déantar aidhmeanna na Comhairle a chur ar aghaidh trí Bhoird agus Meithleacha Forbartha éagsúla a bhíonn comhdhéanta de na heagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle agus de ghníomhaireachtaí eile, mar is cuí. Thionóil an Chomhairle 67 cruinniú de 19 gcinn de na grúpaí sin in 2013. Gheofar liosta de chruinnithe 2013 in agusín a trí.

## Airgeadas

Ba é €4, 234,649 ioncam bliantúil iomlán na Comhairle in 2013. Ón Státchiste tríd an ROS a fuarthas an €4,174,000 de phríomhmhaoiniú. Leithdháil an ROS €38,050 ar obair ar an gclár ilchreidimh, Goodness Me Goodness You! (GMGY), do leanaí de gach creideamh (reiligiún) agus gan creideamh ar bith. Fuair an Chomhairle €16,153 eile ón AE le haghaidh obair ar thionscadal príomhscileanna mar aon le €8.416 le haghaidh Tionscadal Fóilió AE. Fuarthas an €30 eile as iarratais agus foilseacháin Saoráil Faisnéise a phróiseáil. Foilseofar ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 nuair a bheidh an t-iniúchadh bliantúil déanta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Seo mar a chaitear na cistí a chuirtear ar fáil don CNCM:

- tuarastail foirne
- costais a bhaineann le hiasachtaí agus le sainbhaill foirne a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle
- forbairt ghairmiúil
- foilseacháin agus na meáin dhigiteacha lena n-áirítear profáil, dearadh, grianghrafadóireacht, priontáil agus aistriúchán
- taighde
- costais a bhaineann le cruinnithe na Comhairle, a Boird agus a Meithleacha Forbartha, lena n-áirítear áiseanna comhdhála a fháil ar cíos agus costais taistil agus cothabhála
- costais riaracháin ar nós cothabháil agus trealamh oifige, páipéarachas, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí an CNCM
- cothabháil agus forbairt TF
- costais a bhaineann le gnéithe idirnáisiúnta d'obair na Comhairle, lena n-áirítear táillí ballraíochta d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós CIDREE (Cuibhreannas na nInstitiúidí um Fhorbairt agus Taighde in Oideachas san Eoraip) agus AEA (an Cumann um Measúnacht Oideachasúil, an Eoraip)
- fógraíocht.





Spriocanna  
straitéiseacha



## Dul chun cinn in 2013

Sa chuid seo de Thuarascáil Bhliantúil 2013 déanfar cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain sin maidir leis na torthaí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach reatha a bhaint amach. Cuirtear na torthaí sin agus an dul chun cinn ina leith, i láthair faoi spriocanna ardleibhéil an Phlean Straitéisigh sin.

01

### Forbairt curaclaim agus measúnachta

Cineálacha cur chuige nuálacha a cheapadh i leith curaclaim agus measúnachta ar mhaithe le rannpháirtíocht, forchéimniú, cáilíocht, cuimsitheacht agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad

02

### Rannpháirtíocht agus líonraí chun nuála

Dul i mbun oibre le scoileanna, cleachtóirí agus foghlaimeoirí chun an cumas chun athraithe a mhéadú agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi fheidhmiú curaclaim agus measúnachta

03

### Eolas agus taighde

Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile

04

### Caidreamh straitéiseach

Tógáil ar an gcaidreamh straitéiseach atá ann cheana agus caidreamh nua a fhorbairt chun tacú le forbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta agus chun naisc a chothú idir gneithe de

05


### Próifíl agus cumarsáid

Obair agus gnóthachtálacha na Comhairle a chur in iúl, a chur i láthair agus a roinnt chun feabhas a chur ar phróifíl na heagraíochta agus chun rannpháirtíocht ina cuid oibre a chothú.

06

### Éifeacht agus rialachas na heagraíochta

Struchtúir, próisis, scileanna agus inniúlachtaí rialachais agus eagraíochtúla na Comhairle a fhorbairt, chun an fhís a bhaint amach ar shlite nuálacha.



# 1.0

## Forbairt curaclaim agus measúnachta

Cineálacha cur chuige nuálacha a cheapadh i leith curaclaim agus measúnachta ar mhaithe le rannpháirtíocht, forchéimniú, cáilíocht, cuimsitheacht agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad.

### 1.1

Tá cineálacha nua cur chuige i leith na measúnachta agus athruithe ar chórais tuairiscithe á dtabhairt isteach sna scoileanna agus i suíomhanna eile.

#### Dul chun cinn in 2013

Cuireadh feabhas ar an gCruthaitheoir Cárta Tuairisce in 2013 mar fhreagairt ar mholtaí ó mhúinteoirí bunscoile. Léiríonn staitisticí Gréasáin 2013 a mhéad tóir atá ar an gCruthaitheoir; gineadh 10,147 cárta tuairisce saincheaptha ón máistirchóip faoi dheireadh an Mheithimh.

Ullmhaíodh lena fhoilsiú Uirlisí Úsáide Measúnachta agus Modhnóireachta chun tacú le múinteoirí agus scoileanna agus iad ag tabhairt an chórais mheasúnaithe isteach ag an tsraith shóisearach.

### 1.2

Tá cleachtas curtha ar bun chun samplaí d'obair daltaí a ghiniúint agus moltóireacht a dhéanamh orthu mar léiriú ar a bhfuiltear ag súil leis ó fhoghlaimoirí.

#### Dul chun cinn in 2013

Tugadh chun críche an próiseas trína ndéantar samplaí d'obair daltaí a ghiniúint, a bhailiú agus a chomhroinnt, agus comhroinneadh na samplaí luatha trí [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

### 1.3

Tá *An Creat don tSraith Shóisearach* nua in úsáid sna hiar-bhunscoileanna mar bhonn le hathruithe ar an tsraith shóisearach a phleanáil agus a thabhairt isteach.

#### Dul chun cinn in 2013

Cuireadh samplaí ar fáil ar shuíomh gréasáin sraithe sóisearaí an CNCM de scoileanna agus iad i mbun planála d'athruithe ar an tsraith shóisearach agus á dtabhairt isteach. Bailíodh iad ó scoileanna i líonra an CNCM nó i líonraí eile.

### 1.4

Tá úsáid níos mó ná riamh á baint as *Aistear* san earnáil luath-óige.

#### Dul chun cinn in 2013

Ceapadh sraith acmhainní nua agus cuireadh iad le hUirlisí Úsáide *Aistear* chun tacú le cleachtóirí. Mhéadaigh amhairc ar leathanach na nUirlisí Úsáide ó 16,367 in 2012 go 96,754 in 2013.

## 1.5

Tá curaclam nua teangacha ceaptha don Bhéarla agus don Ghaeilge do ranganna na naíonán beag go rang a dó agus tá curaclam teangacha do dhaltáí idir rang a trí agus rang a sé á cheapadh i láthair na huaire.

### Dul chun cinn in 2013

Rinneadh dul chun cinn i dtaca le Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile a chur i dtoll a chéile do dhaltáí ó na naíonáin shóisearacha go rang a dó, agus tugadh na pleananna chun críche le haghaidh comhairliúcháin in 2014.

## 1.6

Athmheasadh eilimintí de churaclam na bunscoile chun go dtabharfaidís léiriú ar fhorbairtí in eolas agus i dtaighde agus chun go mbeidís níos comhleánúnaí le *Aistear* agus le forbairtí ar an tsraith shóisearach.

### Dul chun cinn in 2013

Tugadh faoi obair ar Oideachas faoi Chreideamh Reiligiúnach agus Eitic i mbunscoileanna mar fhreagairt ar thograí ón bhFóram um Phátrúnacht agus Iolrachas sna Bunscoileanna.

## 1.7

Tá an t-athchóiriú curaclaim agus measúnachta ag an tsraith shóisearach fós ar siúl agus tá sonraíochtaí nua curaclaim agus measúnachta tugtha chun críche.

### Dul chun cinn in 2013

Féachadh ar shonraíochtaí curaclaim a fhorbairt le haghaidh ábhair eolaíochta na hArdteistiméireachta – an Bhitheolaíocht, an Cheimic agus an Fhisic.

Ullmhaíodh féidearthachtaí le haghaidh córas grádaithe athmheasta le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta i gcomhar leis an Ionad Taighde Oideachais, agus pléadh iad go hinmheánach agus ag comhdháil ar thrasdulta in Ollscoil Mhaigh Nuad i Meitheamh.

## 1.8

Tá sonraíochtaí curaclaim don mhatamaitic tugtha chun críche tá a dtabhairt isteach mar chuid de Thionscadal Mata á mheas.

### Dul chun cinn in 2013

Tugadh sonraíochtaí chun críche le haghaidh Matamaitic an Teastais Shóisearaigh agus Matamaitic na hArdteistiméireachta.

Foilsíodh *Taighde ar thionchar Thionscadal Mata ar ghnóthachtáil, foghlaim agus inspreagadh daltaí* a rinne an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais.

## 1.9

Sonraíocht a fhorbairt le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí

### Dul chun cinn in 2013

Tugadh sonraíocht le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí chun críche agus gheofar é ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).

## 1.10

Sonraíochtaí a fhorbairt d'ocht gcinn de ghearrchúrsaí

### Dul chun cinn in 2013

Chuathas i gcomhairle maidir le dréachtsonraíochtaí i gcás OSSP, OSPS, Corpoideachas, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Sínis, Taibhiú Ealaíne agus Tionscadal Pearsanta: Aire a Thabhairt d'Ainmnithe

## 1.11

*Uirlisí Úsáide le haghaidh Chláir Foghlama Leibhéal 2* ar líne, a thástáil agus a bheachtú.

### Dul chun cinn in 2013

Treoirilínte agus uirlisí úsáide leictreonacha Chláir Foghlama Leibhéal 2, athmheasta i bhfianaise thorthaí na céime trialaí a rinneadh i scoileanna áirithe.

# 2.0

## Rannpháirtíocht agus líonraí chun nuála

Dul i mbun oibre le scoileanna, cleachtóirí agus foghlaimoirí chun an cumas chun athraithe a mhéadú agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi fheidmiú curaclaim agus measúnachta

### 2.1

Tá líonraí scoileanna na Comhairle ag giniúint smaointe agus ábhar chun tacú lena gcumas féin agus cumas scoileanna eile ó thaobh curaclaim agus measúnachta a fhorbairt agus chun tacú le hathruithe.

#### Dul chun cinn in 2013

Rinne múinteoirí sa líonra **Aistear: Súgradh, Teanga agus Litearthacht** creat planála súgartha a fhorbairt, mar aon le samplaí de chomhtháthú curaclaim tríd an súgradh. Chuir siad aiseolas ar fáil ar dhréachtaí luatha de churaclam teangacha nua na bunscoile atá ceaptha do dhaltaí idir naíonáin shóisearacha agus rang a dó.

Bunaíodh gréasán scoile **Goodness Me, Goodness You, agus** rannchuidigh sé leis an gcéad chéim eile d'fhorbairt an chláir.

Ghlac 49 scoil páirt i **líonra sraithe sóisearaí an CNCM**. Thacaigh an líonra le forbairt na nithe seo a leanas: cláir na sraithe sóisearaí: ríomhphunanna, gearrchúrsaí, samplaí d'obair daltaí agus uirlisí úsáide measúnachta agus modhnóireachta.

Tá breis agus 1,000 múinteoirí ó scoileanna líonra cláraithe anois ar ár n-ardán líonra fíorúil, JC2.0, a úsáidtear chun smaointe agus acmhainní a chomhroinnt idir scoileanna.

D'fhreastail príomhoidí agus nascdhaoine ó gach scoil líonra ar dhá cheann de sheimineáir athbhreithnithe/pleanála i dteannta a chéile i gcaitheamh na bliana. D'fhreastail na nascdhaoine ar sheisiúin bhreise ina n-aonar, seisiúin a dhírigh ar na heochairscileanna.

Cuireadh tuarascáil ar ghníomhaíocht líonra Sraithe Sóisearaí faoi bhráid Bhord na Sraithe Sóisearaí.

Bunaíodh suíomh gréasáin aonair - [www.juniorycycle.ie](http://www.juniorycycle.ie) - chun obair forbartha an **CNCM** agus obair na seirbhíse tacaíochta don tsraith shóisearach, is é sin an **tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**, a chur san áireamh.

Rinne múinteoirí i líonra a thacaíonn le **Tionscadal Mata** samplaí d'obair daltaí agus d'ábhair teagaisc agus foghlama a chur i dtoll a chéile. Dhírigh cuid de na hábhair sin ar an mbonnleibhéal.

Bunaíodh grúpa nua **Mata i bhFeidhm** chun cuidiú le forbairt an churaclaim mata d'iar-bhunscoileanna.



## 2.2

Tá an CNCM ag tacú le hobair na líonraí comhpháirtíochta atá páirtteach i bhforbairt curaclaim agus measúnachta agus i dtacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim.

### Dul chun cinn in 2013

Tugadh tionscadal **Aistear in Action**, ar comhpháirtíocht é le Luath-Óige Éireann, chun críche agus foilsíodh raon acmhainní in Uirlisí Úsáide *Aistear*. Tionóladh dhá cheann de chomhdhála - ceann amháin i Mala agus an ceann eile i mBaile Átha Cliath - chun torthaí an tionscnaimh a scaipeadh.

Leanadh de cheardlanna *Aistear* a chur ar fáil do bhunmhúinteoirí mar chuid de **Thionscnamh Teagascóirí Aistear**, ar comhfhiontar é le Cumann na nIonad Oideachais do Mhúinteoirí in Éirinn.

Éascaíodh cúig 25 cúrsaí samhraidh *Aistear*, a raibh 602 múinteoir páirteach iontu. Ghlac suas le 10,000 múinteoirí agus príomhoidí páirt i gceardlanna/cúrsaí samhraidh ó Aibreán 2010 go deireadh na Nollag 2013.

Bailíodh samplaí d'obair páistí ó mhúinteoirí mar chuid de **Thionscnamh Teagascóirí Aistear**. Cuirfidh siad le curaclaim teangacha na bunscoile do pháistí idir rang na naíonán sóisear agus rang a dó.

Mar fhreagra ar iarratais ó líonra scoileanna **Goodness Me, Goodness You**, ceapadh cúrsa samhraidh do mhúinteoirí i mbunscoileanna pobail, i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino.

Forbraíodh acmhainní chun tacú le múineadh teangacha i mbunscoileanna tríd an tionscnamh **Write to Read**, i gcomhar le Coláiste Phádraig. Beidh na hacmhainní seo mar chuid de churaclaim nua teangacha na bunscoile.

D'oibrigh an CNCM le **líonraí éagsúla** chun tacú le hobair na scoileanna ar fhorbairt na sraithe sóisearaí: líonra Droichead 21, Cumann Chinn Scoile na hÉireann, Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí, Cumann na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus forais eile bainistíocht scoile agus iontaobhaithe. Díriodh san obair seo ar fhoghlaim chomhoibritheach, pleanáil clár, teagasc agus foghlaim, eochairscoileanna, eolas do thuismitheoirí agus dúshlán do scoileanna beaga.

Lean an CNCM dá rannchuidiú le **Gréasán Bheartais an Choimisiúin Eorpaigh um Príomhinniúlachtaí in Oideachas Scoile (KeyCoNet)**. Ullmhaíodh cás-staidéar ar Eochairscoileanna sa tSraith Shóisearach, cuireadh faoi bhráid an líonra seo é agus foilsíodh é ar [www.keyconet.eun.org](http://www.keyconet.eun.org)

## 2.3

Tá struchtúir agus tacaí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear guth agus taithí foghlaimeoirí ar áireamh i bplé an CNCM.

### Dul chun cinn in 2013

Cuireadh ábhair trína rachfar i gcomhairle le daltaí i dtoll a chéile agus foilsíodh iad ar [www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie).

Seoladh eolas ar fhorbairt ar an tsraith shóisearach a d'oirfeadh do dhaltaí rang a sé chuig na bunscoileanna ar fad.



# 3.0

## Eolas agus taighde

Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile

### 3.1

Bunaítear forbairtí curaclaim agus measúnachta ar fhianaise agus ar thaighde.

#### Dul chun cinn in 2013

Bailíodh aiseolas ó Bhunscoileanna Pobail ar a dtaithí ar chlár Goodness You Goodness Me a chuir bonn faoi fhorbairt an chláir.

Rinneadh taighde a choimisiúnú sna dlínsí ar fad ar Struchtúir an Churaclaim agus ar Chéimeanna den Bhunoideachas. Ullmhaíodh torthaí lena bhfoilsíú i dTuarascáil Táblaí mhionsonraithe agus i dTuarascáil Achomair ag tús 2014.

Tugadh athbhreithnithe taighde chun críche ar an matamaitic in oideachas luath-óige agus in oideachas bunscoile chun bonn a sholáthar d'athmheastacháin ar an gcuraclam bunscoile matamaitice.

Tugadh athbhreithniú taighde chun críche ar an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.

Bainfear úsáid as *Trends in Mathematics and Science Study* chun bonn a chur faoi athmheas ar an gcuraclam bunscoile matamaitice.

D'fhoilsigh an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais tuarascálacha eatramhacha agus tuarascálacha deiridh ar *Thaighde ar thionchar Thionscadal Mata ar ghnóthachtáil, foghlaim agus inspreagadh daltaí*.

Foilsíodh *Cleachtais Grádaithe agus Marcála na Múinteoirí Ardteistiméireachta* - tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar líne.

## 3.2

Tá torthaí taighde agus samplaí de chleachtas i scoileanna agus i suíomhanna á mbreathnú ag múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, foghlaiméoirí agus daoine eile.

### Dul chun cinn in 2013

Foilsíodh leidbhileoga agus gearrthóga fiseáin ar churaclam matamaitice ranganna a trí agus a ceathair.

Cuireadh torthaí ar shuirbhé ó thaithí múinteoirí ar thaighde oideachais i láthair ag *Research Alive*, comhdháil náisiúnta ar mhúinteoirí agus ar thaighde a tionóladh i gColáiste Bríde, Cluain Dolcáin.

Forbraíodh uirlisí aiseolais trínar féidir le scoileanna a dtaithí ar an gclár *Goodness Me, Goodness You* a chomhroinnt.

## 3.3

Tá an Chomhairle ag rannchuidiú agus ag tacú le fócas níos mó ar úsáid fianaise i gcinnteoireacht agus i gcúrsaí measúnaithe i gcoitinne, agus i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile.

### Dul chun cinn in 2013

Foilsíodh *Leaving Certificate Mathematics: a comparative analysis* leis an Dr. Sue Pope; déantar comparáid ann idir an tsonraíocht nua matamaitice agus sonraíochtaí i ndlínsí eile.

Cuireadh tús leis an gcéad snáithe measúnachta ar fhorbairtí na sraithe sóisearaí – eispéireas JC2.0 do mhúinteoirí.


Scaipeadh plépháipéir agus foilsíodh fiseáin ar mheasúnú agus ar mhodhnóireacht.

## 3.4

Déanann foireann an CNCM torthaí taighde agus eolas nua a chomhroinnt agus a cheistiú mar chuid dhílis dá gcuid oibre.

### Dul chun cinn in 2013

D'fhreastail foireann an CNCM ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar thaighde agus cleachtas oideachais, agus/nó chuir páipéir i láthair acu. Achoimrítear iad in aguisín 4 thíos.



# 4.0

## Caidreamh straitéiseach

Tógáil ar an gcaidreamh straitéiseach atá ann cheana féin agus caidreamh nua a fhorbairt chun tacú le forbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta agus chun naisc a chothú idir gnéithe de

### 4.1

De thairbhe caidreamh comhoibritheach le heagraíochtaí éagsúla tá an tuiscint ar fhorbairtí curaclaim agus measúnachta agus ar a bhfeidhmiú agus ar chaighdeán na bhforbairtí sin ag dul i bhfeabhas.

#### Dul chun cinn in 2013

Rinneadh obair leanúnach in éineacht leis an **Aonad Beartas um Oideachas sna Luath-Bhlíanta, ROS**, chun tacú le hearnáil na luath-óige in úsáid *Aistear* chun feabhas a chur ar chleachtas agus ar thorthaí do leanaí.

Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar Threoir Chleachtas *Aistear/Síolta* i gcomhar leis an *Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige*.

Lean an CNCM den obair chomhpháirtíochta a bhí ar bun roimhe seo le **Cumann na nIonad Oideachais do Mhúinteoirí in Éirinn** trí Thionscnamh Teagascóirí *Aistear*.

Tugadh tionscadal forbartha *Aistear in Action* chun críche i gcomhpháirtíocht le Luath-Óige Éireann.

Rinneadh an CNCM agus **COGG** a chomhshuí in oifigí comhroinnte ag 35 Plás Mhic Liam, tar éis cinneadh a dhéanamh obair an dá eagraíocht a chomhtháthú tuilleadh.

Lean an caidreamh leanúnach leis an **IPPN** agus an **NAPD** mar chomhlachtaí ainmithe de chuid an CNCM.

Leanadh den teagmháil leanúnach leis an **tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí**, mar ab amhlaidh i gcás na hoibre le Coiste Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann, le Foireann Forbartha Thionscadal Mata agus leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM).

Lean an CNCM dá rannpháirteachas sa **Ghrúpa Tacaíochta um Fheidhmiú Thionscadal Mata**.

Tugadh Meabhrán Tuisceana idir an ROS agus an CNCM chun críche.

Bhí an CNCM rannpháirteach sa **Ghrúpa Athchóirithe Aistrithe** chun an t-aistriú ón dara leibhéal go dtí an t-ardoideachas a phlé. Foilsíodh *Supporting a Better Transition from Second-Level to Higher Education: Directions for Change* i mí an Mhárta agus eagraíodh comhdháil i mí an Mheithimh ar na príomhthreonna.

Bhí dhá chruinniú ag an mbuanchoiste idir an CNCM agus **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**.

Tá socrú buan i bhfeidhm do chruinnithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta gach trí mhí.

Lean an CNCM de bheith páirteach i gCoiste Pleanála Múinteoirí Idirghníomhaireachta na Roinne, a raibh ceithre chruinniú acu.

Bhí ballraíocht ag an CNCM sna heagraíochtaí seo a leanas in 2013:

- Cumann Léann Oideachais na hÉireann
- Cuibhreannas na nInstitiúidí Forbartha agus Taighde Oideachais san Eoraip
- An Cumann um Measúnú san Oideachas – an Eoraip
- An Foras Riaracháin
- Gnóthaí Poiblí na hÉireann

Lena chois sin, is ball é an CNCM de Chumann Phríomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit.

Chuaigh an Cathaoirleach isteach i gCumann na gCathaoirleach ar Ghníomhaireachtaí Stáit.

Is ball é an CNCM i gcónaí de SCoTENS (the Standing Conference on Teacher Education North and South) mar is amhlaidh i gcás CCSM Thuaisceart Éireann.

## 4.2

Múinteoirí agus daltaí a fhreastalaíonn ar chúrsaí luath-óige agus ar oideachas tosaigh do mhúinteoirí, tá eolas maith acu ar obair na Comhairle, agus bíonn deiseanna acu rannchuidiú leis an obair sin.

### Dul chun cinn in 2013

Seoladh foramharc ar acmhainní Uirlisí Úsáide *Aistear* agus póstaer ar na hUirlisí Úsáide (i mBéarla agus i nGaeilge) chuig gach Coiste Cathrach agus Contae um Chúram Leanaí agus chuig Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí.

Threoraigh foireann na Comhairle seisiúin ar *Aistear* le roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear Coistí Cathrach agus Contae Chúram Leanaí agus Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí, Líonra Luathbhlianta Chorcaí, grúpaí cleachtóirí i dTiobraid Árann Theas agus i dTuaisceart Chorcaí, agus tríd an gcomhdháil Tionól Luath-Óige Éireann.

Eagraíodh seisiún mionteagaisc i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine i dtaobh forbairtí ar an tsraith shóisearach dóibh siúd atá ag tacú le hoideachas tosaigh d'iar-bhunmhúinteoirí.

Foilsíodh an tuarascáil deiridh ar thionscadal *Aistear in Action* ar shuíomh gréasáin an CNCM chun an t-eolas a chur ar fáil d'eagraíochtaí eile atá ag baint úsáide as *Aistear*.

Cuireadh nuashonruithe ar Fhorbairtí Bunscoile do bhail Chomhdháil Chinn na gColáistí Oideachais in Éirinn (CHOICE).

## 4.3

Chonacthas comhar idir an CNCM agus an CCSM (CCEA), a thacaigh le forbairtí curaclaim agus measúnachta ar dhá thaobh na teorann.

### Dul chun cinn in 2013

Thug foireann an CNCM cuairt ar an CCSM le haghaidh cruinnithe agus cuairt scoile i dTuaisceart Éireann chun ról an mheasúnaithe a fhiosrú mar shlí le dul chun cinn a thomhas agus an fhoghlaim a fheabhsú agus chun plé a dhéanamh ar an tslí ina mbainistítear an mhodhnóireacht i scoileanna TÉ.

Thug an chuairt scoile deis d'fhoireann an CNCM freastal ar chruinniú modhnóireachta a bhí ar siúl le múinteoirí Béarla. Chuir na gníomhaíochtaí sin bonn faoi fhorbairt leanúnach na nUirlisí Úsáide Measúnachta agus Modhnóireachta agus na sonraíochtaí Measúnachta le haghaidh Bhéarla agus Eolaíocht na sraithe sóisearaí.

Bhí Príomhfheidhmeannach an CNCM ina comhalta seachtrach d'Athbhreithniú Cáilíochtaí Thuaisceart Éireann.



# 5.0

## Próifíl agus cumarsáid

Obair agus gnóthachtálacha na Comhairle a chur in iúl, a chur i láthair agus a roinnt chun feabhas a chur ar phróifíl na heagraíochta agus chun rannpháirtíocht ina cuid oibre a chothú.

### 5.1

Ag éirí as straitéis éifeachtach sna meáin, comhroinntear na teachtaireachtaí is tábhachtaí i dtaobh athchóirithe go forleathan agus tugann an CNCM freagraí agus rannchuidiú tráthúil, bunaithe ar fhianaise.

#### Dul chun cinn in 2013

Leanadh de thuairiscí rialta a phostáil ó mheithleacha forbartha maidir le dul chun ar fhorbairt curaclaim agus measúnachta.

Ceapadh beartas maidir le húsáid chuntas Twitter an CNCM agus seoladh cuntas twitter nua ag @NCCAie.

Foilsíodh trí eagrán de info@ncca.ie i nGaeilge agus i mBéarla i mí an Mhárta (4,775 sintiúsóir), Meán Fómhair (6,027) agus Nollaig (6,259).

### 5.2

Tugadh isteach cineál nua sonraíochta curaclaim agus measúnachta maidir le forbairtí sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna.

#### Dul chun cinn in 2013

Leis an tsonraíocht ar líne seo, a seoladh in 2014, ailínítear torthaí foghlama le teagasc, foghlaim agus measúnú. Cuirtear naisc ar fáil idir samplaí anótáilte d'obair daltaí agus torthaí foghlama. Is féidir an tsonraíocht a scagadh, mar áis don mhúinteoir. Cuirtear áis ar fáil leis chun leabharlann churaclaim phearsanta a chruthú agus pdfanna d'inneachar gréasáin a ghiniúint.

Foilsíodh sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí i bhformáid nua ar líne.

## 5.3

Rinneadh suíomhanna gréasáin an CNCM a chomhdhlúthú agus a fheabhsú mar fhreagairt ar aiseolas ó chustaiméirí, ar staitisticí ar úsáid na leathanach gréasáin agus ar fhorbairtí ar líne agus sna meáin shóisialta.

### Dul chun cinn in 2013

Mhéadaigh líon na gcuairteoirí ar an suíomh gréasáin san iomlán 19%, i gcomparáid le figiúirí 2012, agus tháinig méadú 150% ar líon úsáideoirí na ngléasanna táibléid agus méadú 141% ar an líon úsáideoirí a d'úsáid gléas móibíleach chun dul isteach sa suíomh.

Rinneadh athdhearadh ar an suíomh *Curaclam ar líne* agus athsheoladh é chun an cur chuige nua i leith sonraíochtaí a chur i láthair a chur san áireamh.

Rinneadh athdhearadh ar na leathanaigh ghréasáin bunscóile agus forbraíodh iad chun rochtain ar phríomheolas a fheabhsú d'úsáideoirí.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar shuíomh gréasáin na Sraithe Sóisearaí ([www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie)) chun comh-óstáil sheirbhís tacaíochta an SSM (JCT) ar an nGréasán a chur san áireamh agus chun 'síopa ilfhreastail' maidir leis an tsraith shóisearach a sholáthar d'úsáideoirí.

## 5.4

Déantar obair an CNCM ar chúrsaí curaclaim agus measúnachta agus ar chleachtas sna scoileanna a chomhroinnt le lucht spéise náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Dul chun cinn in 2013

Rinne an CNCM agus Luath-Óige Éireann comhdháil náisiúnta *'Aistear in Action'* a chomh-óstáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag réamhscoileanna a úsáideann *Aistear*.

Eagraíodh laithreoireachtaí agus seastáin taispeántais ar *'Aistear i ranganna na naíonán'* mar chuid de *Féilte*, ceiliúradh Lá Domhanda na Múinteoirí i gCill Mhaighneann an 5 Deireadh Fómhair.

Rinneadh láithreoireachtaí ar *'Aistear in Action'* agus *'Aistear i ranganna na naíonán'* ag comhdháil OMEP (An Eagraíocht Dhomhanda um Oideachas Luath-Óige), Cumann Taighde na hEorpa um Oideachas Luath-Óige agus Cruinniú Luath-Óige na hÉireann.

Cuireadh acmhainní matamaitice i dtoll a chéile agus rinneadh iad a fhoilsiú ar Chúinne na Múinteoirí ar [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie). Cuireadh leathanach agus físeán ar leith do thuismitheoirí ar fáil ar an leathanach sin.

Foilsíodh dhá ríomhíris agus scaipeadh iad ar 10,000 múinteoirí mata.

Eagraíodh comhdháil ar an mBéarla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath mar chuid den chomhairliúchán ar shonraíocht nua Bhéarla na Sraithe Sóisearaí.

Comhroinneadh an obair ar phríomhinniúlachtaí le comhghleacaithe Eorpacha trí **KeyCoNet** – líonra Eorpach ar phríomhinniúlachtaí sna scoileanna. D'óstáil an CNCM grúpa de 22 ball de KeyCoNet ar Chuairt Piarfhoghla i Márta 2013. Thug na rannpháirtithe cuairteanna ar scoileanna agus ar Ionad Oideachais agus bhí cainteanna acu le hionadaithe an CNCM, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an ROS. Bhí siad páirteach, leis, i gcomhdháil ar Phríomhinniúlachtaí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann. <http://keyconet.eun.org/peer-learning-visits-reports>.

Ullmhaíodh cás-staidéar ar Eochairscileanna na Sraithe Sóisearaí. Mar chuid de sin, cuireadh agallaimh ar phríomhoidí scoile, ar mhúinteoirí, ar chomhordaitheoirí tionscadail agus ar dhaoine eile, mar aon le cuairteanna ar scoileanna. Foilsíodh tuarascáil an chás-staidéir agus na físeáin a ghabh leis ar shuíomh gréasáin KeyCoNet. (nasc – [http://keyconet.eun.org/c/document\\_library/get\\_file?uuid=c415fa33-6269-46c0-8292-52b8c0cec2d5&groupId=11028](http://keyconet.eun.org/c/document_library/get_file?uuid=c415fa33-6269-46c0-8292-52b8c0cec2d5&groupId=11028))

Ullmhaíodh nóta cáis ar chur chun feidhme **Thionscadal Mata** agus cheadaigh an líonra é mar bhunús le cás-staidéar in 2014.



# 6.0

## Éifeacht agus rialachas na heagraíochta

Struchtúir, próisis, scileanna agus inniúlachtaí rialachais agus eagraíochtúla na Comhairle a fhorbairt, chun an fhís a bhaint amach ar shlite nuálacha.

### 6.1

Tá struchtúir agus próisis eagraíochtúla ag tacú le forbairt nuálach ar chúrsaí curaclaim agus measúnachta agus ar chleachtais oibre chomhoibríocha.

#### Dul chun cinn in 2013

Tá struchtúir agus próisis aontaithe agus i bhfeidhm le haghaidh réimsí den obair curaclaim agus measúnachta atá ar siúl faoi láthair.

Tá meithleacha forbartha le haghaidh ábhar nua i bhfeidhm d'fhorbairtí na sraithe sóisearaí agus do theangacha na bunscoile.

Le Sharepoint éascaíodh cleachtais oibre agus comhoibriú éifeachtach. Cuireadh tábléid ríomhaire ar fáil do bhaill foirne, tábléid a bhí cónasctha le SharePoint ionas gurbh fhéidir cruinnithe 'gan pháipéar' a éascú, rud a choigil airgead ar phriontáil agus ar pháipéar.

D'aistrigh an CNCM go dtí Managed Print Services agus ar shiúl ó sholáthar ad hoc printéirí agus fótachóipeálaithe deisce. Soláthraíonn MPS réiteach iomlán priontála oifige ar chostas uileghabhálach in aghaidh na cóipe, a choigilonn airgead ar chostais agus ar pháipéar.

### 6.2

Tá an t-eolas agus na hinniúlachtaí ag foireann an CNCM anois chun comhairle nuálach curaclaim agus measúnachta a chur i dtoll a chéile agus chun tacú lena tabhairt isteach sna scoileanna.

#### Dul chun cinn in 2013

Rinne ceathrar ball foirne staidéar iarchéime, beirt acu ar leibhéal dochtúireachta, i réimsí a bhaineann lena gcuid oibre.

Aithníodh riachtanais forbartha gairmiúla éagsúla, agus rinneadh soláthar dóibh trí oiliúint ar an láthair, imeachtaí inmheánacha forbairt ghairmiúil, meantóireacht, cóitseáil agus trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha.

### 6.3

Tá cultúr láidir feidhmíochta i réim ar fud na heagraíochta.

#### Dul chun cinn in 2013

Cuireadh Céim 2 de na hathruithe ar an bhForbairt Ghairmiúil Bainistíochta (a aontaíodh mar chuid de Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh) i bhfeidhm. D'fhreastail ball foirne amháin ar sheisiún eolais ar chalabhrú. Tugadh mionteagasc don fhoireann ar fad i dtaobh athruithe Chéim 2, agus calabraíodh feidhmíocht na foirne a oibríonn ar leibhéal AP, Stiúrthóra, Leas-PF agus PF mar chuid d'athbhreithniú dheireadh na bliana.



## 6.4

Tá córas urrúnta bainistíocht airgeadais agus tuairiscithe i bhfeidhm agus cuirtear béim láidir ar luach a fháil ar airgead.

### Dul chun cinn in 2013

Rinneadh monatóireacht ar thuarascálacha airgeadais ag cruinnithe rialta den Fhoireann Bhainistíochta.

Cuireadh cuntais mhíosúla bainistíochta ar aghaidh chuig gach cruinniú den Chomhairle.

Cuireadh tuarascálacha ráithiúla loncaim agus caiteachais ar aghaidh chuig an ROS.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar na ráitis airgeadais.

Cloíodh le próisis soláthar na seirbhíse poiblí agus díriodh ar luach ar airgead a fháil.

D'aistrigh foireann na Comhairle i mBaile Átha Cliath go 35 Cearnóg Mhic Liam, rud a choigil €189K de chíos.

## 6.5

Tá riachtanais rialachais na bhforas stáit á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

### Dul chun cinn in 2013

Thuairiscigh an CNCM don ROS ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialachais Chorparáidigh.

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2012.

Tugadh iniúchadh ar na ráitis airgeadais 2012 chun críche.

Tugadh athbhreithniú ar na Córais um Rialú Inmheánach Airgeadais chun críche.

Rinne an Chomhairle an clár riosca a thabhairt chun dáta agus a fhaomhadh.

## 6.6

Tá feabhsú agus forbairt déanta ar na caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí.

### Dul chun cinn in 2013

Rinneadh <http://www.curriculumonline.ie/> a athfhorbairt agus a sheoladh, rud a thug rochtain níos fearr ar eolas oidhreacht agus ar eolas reatha ar chúrsaí curaclaim agus measúnachta.

Rinneadh feabhsúcháin eile ar Uirlisí Pleanála Churaclam na Bunscoile.

Tugadh an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí agus an nós imeachta déanta gearán chun dáta ar aon dul le treoirlínte ó Oifig an Ombudsman.

## 6.7

Chomhlíon an Chomhairle gach comhaontú agus plean forbartha ábhartha de chuid na seirbhíse poiblí.

### Dul chun cinn in 2013

Chomhlíon an CNCM gach sprioc atá luaithe sa Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010 - 2014 (Páirc an Chrócaigh) agus i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 - 2016 (Bóthar Haddington).

Chomhlíon an Chomhairle an ECF don tréimhse.

Tugadh an Phleanáil um Fhorbairt an Lucht Saothair chun críche, agus cuireadh tuarascáil ar aghaidh.



## Aguisín

## 01


Comhaltacht agus freastal  
ar chruinnithe na Comhairle 2013

		Cruinnithe na Comhairle								
		21 Márta	21 Aibreán	2 Bealtaine	12 Meitheamh	12 Meitheamh	13 Meitheamh	26 Meán Fómhair	7 Samhain	12 Nollaig
Mr Clive Byrne	Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Deirbhile Nic Craith	Cumann Múinteoirí Éireann	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ms Rosemary Eagar (ón 8 Samhain)	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann									✓
An Dr Marie Griffin	Na Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓
An tOllamh Nóirín Hayes	Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	✓	✓			✓	✓	✓	✓	
Ms Christina Henehan	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire	✓	✓	✓	✓			✓	✓	✓
Mr Philip Irwin	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ms Bernie Judge	Aontas na Múinteoirí	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓
Mr. Declan Kelleher	Leaschathaoirleach	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓	✓
An tOllamh Daire Keogh	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile	✓	✓					✓	✓	
Ms Marie-Thérèse Kilmartin	Comhchoiste na mBainisteoirí	✓	✓	✓				✓	✓	✓
Ms Mary Lillis	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile)		✓		✓			✓		
Pádraig Mac Fhlannchadha, Uasal	An Roinn Oideachais agus Scileanna	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr. Rose Malone	Comhdháil na gCeardchumann					✓	✓	✓		



## Comhaltacht agus freastal ar chruinnithe na Comhairle 2013

		Cruinnithe na Comhairle								
		21 Márta	21 Aibreán	2 Bealtaine	12 Meitheamh	12 Meitheamh	13 Meitheamh	26 Meán Fómhair	7 Samhain	12 Nollaig
Ms Hilary McBain (go dtí an 1 Meitheamh)	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann	✓			✓					
Ms. Patricia McCrossan	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta	✓		✓	✓	✓	✓		✓	✓
An Dr Kara McGann	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann	✓			✓		✓	✓	✓	✓
Ms. Brigid McManus	Cathaoirleach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mr. Jim Moore	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunscoile)		✓	✓	✓		✓	✓	✓	
Mr Michael O'Brien	Aontas na Múinteoirí	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Ó Coinn, Uasal	Foras na Gaeilge	✓	✓			✓	✓	✓		✓
Mr Bryan O'Reilly	Cumann Múinteoirí Éireann	✓	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓
An tSr. Betty O'Riordan	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha		✓		✓	✓	✓			✓
Bríd Uí Riordáin, Uasal	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	✓	✓	✓	✓			✓	✓	
Mr. Michael Redmond	Leasathaoirleach	✓	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓
Ms. Eileen Salmon	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha.	✓			✓	✓	✓		✓	✓



## Aguisín

## 02

## Na costais a íocadh le comhaltaí na Comhairle in 2013

Áirítear ar na figiúirí thíos na costais as freastal ar chruinnithe d'fho-ghrúpaí na Comhairle.

€

Mr Clive Byrne	Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna	0.00
Ms Rosemary Eagar (ón 9 Samhain)	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann	0.00
An Dr Deirbhile Nic Craith	Cumann Múinteoirí Éireann	0.00
An Dr Marie Griffin	An Cumann Gairmoideachais in Éirinn	0.00
An tOllamh Nóirín Hayes	Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	0.00
Ms Christina Henehan *	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire	3,218.49
Mr Philip Irwin	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire	0.00
Ms Bernie Judge	Aontas na Múinteoirí	0.00
Mr. Declan Kelleher	Leaschathaoirleach ón 1 Aibreán	2,404.42
An tOllamh Daire Keogh	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile	30.42
Ms Marie-Thérèse Kilmartin	Comhchoiste na mBainisteoirí	0.00
Ms Mary Lillis	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile)	172.02
Pádraig Mac Fhlannchadha, Uasal	An Roinn Oideachais agus Scileanna	0.00
An Dr. Rose Malone	Comhdháil na gCeardchumann	0.00
Ms Hilary McBain (go dtí an 8 Meitheamh)	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann	0.00
Ms. Patricia McCrossan	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta	0.00
An Dr Kara McGann	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann	0.00



## Na costais a íocadh le comhaltaí na Comhairle in 2013

Áirítear ar na figiúirí thíos na costais as freastal ar chruinnithe d'fho-ghrúpaí na Comhairle.

€

Ms. Brigid McManus	Cathaoirleach	29.60
Mr. Jim Moore	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunscoile)	1,285.00
Seán Ó Coinn, Uasal	Foras na Gaeilge	0.00
Mr Michael O'Brien *	Aontas na Múinteoirí	2,135.34
Mr Bryan O'Reilly	Cumann Múinteoirí Éireann	0.00
An tSr. Betty O'Riordan	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha	302.30
Brid Uí Riordáin, Uasal	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	0.00
Mr. Michael Redmond	Leaschathaoirleach	0.00
Ms. Eileen Salmon	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha.	0.00

Léiríonn \* costais a thabhaítear in 2013 agus in 2012.



## Aguisín

## 03

## Liosta cruinnithe, 2013

<b>Luath-Óige agus Bunscoileanna</b>	<b>Iomlán</b>
Bord na Luath-Óige agus na mBunscoileanna	5
Meitheal Forbartha um Theanga Luath-óige agus Bunscoile	5
Meitheal Chomhairleach um Theanga Luath-óige agus Bunscoile	6
<b>An tSraith Shóisearach</b>	
Bord na Sraithe Sóisearaí	7
An Mheitheal Forbartha don Ghaeilge ag an tSraith Shóisearach	2
An Mheitheal Forbartha don Staidéar Gnó Sóisearach	2
Meitheal Forbartha an OSSP	3
Meitheal Forbartha Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí	2
Meitheal Forbartha an Bhéarla	6
Meitheal Forbartha OSPS	2
Meitheal Forbartha an Chorpoideachais	4
<b>An tSraith Shinsearach</b>	
Bord na Sraithe Sinsearaí	3
Meitheal Forbartha Mhatamaitic na Sraithe Sinsearaí	2
Meitheal Forbartha na Ceimice	2
Meitheal Forbartha na Fisice	2
Meitheal Forbartha na Bitheolaíochta	1
<b>Na Boird Staidéir</b>	
Bord Staidéir na Matamaitice	1
<b>Eile</b>	
An Coiste Iniúchóireachta	2
<b>Líon iomlán na gcruinnithe in 2013</b>	<b>59</b>
<b>Líon iomlán na gcoistí/na ngrúpaí</b>	<b>19</b>

## Aguisín

## 04

## Rogha de láithreoireachtaí, páipéir agus ceardlanna a chuir an CNCM i láthair sa bhliain 2013, arna eagrú de réir spriocanna straitéiseacha

### Forbairt Curaclaim agus Measúnachta

Cineálacha cur chuige nuálacha a cheapadh i leith curaclaim agus measúnachta ar mhaithe le rannpháirtíocht, forchéimniú, cáilíocht, cuimsitheacht agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad.

Imeacht/Eagraíocht	Téama/Teideal
An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta	Cláir Foghlama Leibhéal 2
Cruinniú de Chomhpháirtithe Corpoideachais na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí	Forbairtí ar an tSraith Shóisearach
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí	Forbairtí ar an tSraith Shóisearach
Comhdháil Bhliantúil Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann do Leas-Phríomhoidí	Measúnú, Tuairisciú agus Aistriú
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Chomhpháirtithe Múinteoirí	Measúnú agus Príomhscileanna sa tSraith Shóisearach
Comhpháirtithe Ceannaireachta PDST	Ceannaireacht le haghaidh Sraith Shóisearach nua
Comhdháil na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	Cláir Foghlama Leibhéal 2
Comhpháirtithe Ceannaireacht Scoile faoin tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí	Ceannaireacht le haghaidh Sraith Shóisearach nua
Seirbhís Tacaíochta d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	OSPS i Sraith Shóisearach nua

**Rannpháirtíocht agus líonraí chun nuálaíochta**

Dul i mbun oibre le scoileanna, múinteoirí, cleachtóirí agus foghlaimeoirí chun an cumas chun athraithe a mhéadú, agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta

<b>Imeacht/Eagraíocht</b>	<b>Téama/Teideal</b>
Tionscadal Uimhearthachta Thionscnamh Náisiúnta Rochtana na Luathbhlianta do Chuirteoirí Baile-Tuismitheoirí, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, na Dugthailte	<i>Aistear</i>
Nascmhúinteoirí na Scoileanna i Líonra na Sraithe Sóisearaí	Príomhscileanna sa tSraith Shóisearach
Comhdháil Bhliantúil Chumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann, Droichead Átha	Tacú leis an Teagasc sa tSraith Shóisearach
Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann: Lá Mionteagasc Gairmiúil do Phríomhoidí	Forbairtí Bunscoile
Príomhoidí na scoileanna speisialta	Cláir Foghlama Leibhéal 2
An Grúpa Forbartha Staidéar Gnó Sóisearach	Forbairtí ar an tSraith Shóisearach
Comhdháil Bhliantúil Chumann na Múinteoirí Eolaíochta	An Eolaíocht agus Forbairtí ar an tSraith Shóisearach
Coistí Chorcaí, Thiobraid Árann agus Phort Láirge um Chúram Leanai	Ceardlanna ar thionscadal <i>Aistear in Action</i>






## Eolas agus taighde

Eolas agus taighde a ghiniúint, a úsáid agus a chomhroinnt ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnachta i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile

Imeacht/Eagraíocht	Téama/Teideal
Comhdháil Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	Súgradh in <i>Aistear</i>
Comhdháil Bhliantúil Bhord Oideachais Eaglais na hÉireann	An Teicneolaíocht san Oideachas
Mic Léinn Idirnáisiúnta Máistreachta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	<i>Aistear</i>
Comhdháil Institiúidí Teicneolaíochta Éireann	Trasdulta
Comhdháil Uachtaránachta an AE: <i>Measúnú agus Meastóireacht Níos Fearr chun Teagasc agus Foghlaim a Fheabhsú</i>	Príomhinniúlachtaí
Grúpa KeyCoNet an AE ar cuairt ar Éirinn	Príomhinniúlachtaí
Comhdháil <i>Why Maths Matters</i> , Ollscoil Luimnigh	Tionscadal Mata
Comhdháil OMEP, Coláiste Ollscoile Chorcaí	Tionscadal <i>Aistear in Action</i>
Comhdháil 'Ag Fás Suas in Éirinn' – <i>Rannphairtíocht Leanaí san Oideachas</i>	Forbairtí Bunscoile agus tírdhreach na hóige
Meitheal Oibre Téamach an Aontais Eorpaigh ar Oideachas agus Cúram Luath-Óige	Measúnú agus Monatóireacht ar obair luath-óige an CNCM
Comhdháil <i>Research Alive: An tIonad Seirbhísí Éifeachtacha, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.</i>	Múinteoirí agus taighde oideachais
Tionscadal taighde UNESCO, ESD agus Oideachas Cáilíochta, Béising	Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe agus oideachas cáilíochta
Comhdháil ar Thrasdulta, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	Grádú san Ardteistiméireacht
Cumann Taighde na hEorpa ar Oideachas Luath-Óige	<i>Aistear</i> i ranganna na naíonán sna bunscoileanna
EU KeyCoNet, an Bhruiséil	Cás-staidéar ar inniúlachtaí matamaiticiúla
Comhdháil Acadamh Ríoga na hÉireann ar STEM	Spéis san eolaíocht a spreagadh



**Caidreamh straitéiseach**

Tógáil ar an gcaidreamh straitéiseach atá ann cheana agus caidreamh nua a fhorbairt chun tacú le forbairt agus feidhmiú curaclaim agus measúnachta agus chun naisc a chothú idir gneithe díobh


<b>Imeacht/Eagraíocht</b>	<b>Téama/Teideal</b>
Institiúid Oideachais Marino; Mic Léinn Bhliain Dheireanach an B Ed	Forbairtí Bunscoile
Mic léinn céim BA i gColáiste Oideachais Froebel	<i>Aistear</i>
Coiste Oideachais an INTO	Forbairtí Bunscoile
Coláiste Oideachais Naomh Angela, Sligeach: BSc agus MSc i Staidéar Oideachais.	Forbairt agus Measúnacht Curaclaim agus Cláir
Cruinniú eolais do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí: an cuspóir	Príomhscileanna sa tSraith Shóisearach
Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna	Curaclam Teangacha na Bunscoile
Amnesty International	Guth na Mac Léinn
Comhchoiste na mBainisteoirí	An Teicneolaíocht sna Scoileanna
Comhdháil Chumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha	Ceannaireacht le haghaidh Sraith Shóisearach nua agus Cláir Foghlama Leibhéal 2
Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath	An tSraith Shóisearach
Comhdháil Bhliantúil Bhord Oideachais Eaglais na hÉireann	Measúnú, Tuairisciú agus Aistriú
Cruinniú Choiste Oideachais an INTO	Aistriú
Príomhoidí Bhunscoileanna Foghlaim le Chéile	<i>Aistear</i> i rang na naíonán sna bunscoileanna
Siompóisiam CCEA ar Athchóiriú Cáilíochtaí Ollscoil na Banríona, Béal Feirste	Forbairtí ar an tSraith Shóisearach
Comhdháil Bhliantúil na Comhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta	Curaclam Teangacha na Bunscoile
Comhdháil Bhliantúil Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunscoile	Tuairisciú agus Aistriú
Comhdháil Náisiúnta Chomhchoiste na mBainisteoirí	An tSraith Shóisearach - Measúnú, Gearrchúrsaí Príomhscileanna agus Tráthchláir
Comhchoiste na mBainisteoirí, Grúpa Comhairle um Riachtanais Speisialta Oideachais	Aistriú
Cruinniú de chomhpháirtithe Eorpacha EUFOLIO	ríomhphunanna
Comhdháil Chinn na gColáistí Oideachais in Éirinn	Forbairtí ar an tSraith Shóisearach



### Próifíl agus cumarsáid

Obair agus gnóthachtálacha na Comhairle a chur in iúl, a chur i láthair agus a chomhroinnt chun feabhas a chur ar phróifíl na heagraíochta agus chun rannpháirtíocht ina cuid oibre a chothú.

Imeacht/Eagraíocht	Téama/Teideal
Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha – Cúrsa oiliúna bliantúil do príomhoidí	Forbairtí Bunscoile
Ionadaithe ó Choistí Contae agus Cathrach um Chúram Leanaí agus ó Eagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí	Tionscadal <i>Aistear in Action</i>
Cumann na Múinteoirí Matamaitice, comhdháil <i>MathsFest2013</i>	Tionscadal Mata
Pobal Luath-Óige Thiobraid Árann agus Chorcaí Thuaidh	<i>Aistear in Action</i>
Coiste Oideachais agus Oiliúna Pavee Point	Measúnú agus Aistriú
Gnó sa Phobal	Eolaíochtaí na Sraithe Sinsearaí agus an tSraith Shóisearach
Amnesty International	Guth na Mac Léinn
Líonra Luathbhlianta Chorcaí	<i>Aistear in Action</i> – príomhóráid
Comhdháil Líonra Luathbhlianta Chorcaí	Ceardlann ar thionscadal <i>Aistear in Action</i>
Coiste Contae Chill Dara um Chúram Leanaí	Tacú le litearthacht agus uimhearthacht le h <i>Aistear</i>
Seoladh Suíomh gréasáin GMGY, Scoil Niamh Community National School	Forbairtí Bunscoile
Cruinniú Idirnáisiúnta Luath-Óige Éireann	<i>Aistear</i> i rang na naíonán sna bunscoileanna
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: An Tionól Teagaisc	Obair an CNCM
Comhdháil idirnáisiúnta ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht na hEorpa ar Obair: <i>Naisc a Chotheú le Lucht Tionscail, le Scoileanna agus leis an mBaile</i>	Oideachas eolaíochta agus teicneolaíochta i ndomhan atá ag athrú






Nótaí




Nótaí





Nótaí





35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2  
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: [info@ncca.ie](mailto:info@ncca.ie)

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)